



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA
POLICING AUTHORITY

Tuarascáil Bhliantúil 2016



Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Póilíneachta 2016

De réir Alt 62O.(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005 (arna leasú) agus i gcomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Clár an Ábhair

Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Póilíneachta 2016.....	1
Réamhrá an Chathaoirligh.....	2
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mbliain.....	4
1. Obair an Údaráis Póilíneachta.....	5
2. Dul Chun Cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha.....	7
3. Gné-Alt: Cód Eitice don Gharda Síochána.....	11
4. Rialachas agus Struchtúr.....	13
5. Eolas Airgeadais.....	22
Aguisín 1 – Achoimre ar an Tuarascáil Airgeadais 2016.....	24
Aguisín 2 – Struchtúr na hEagraíochta.....	25
Aguisín 3 – Ráiteas an Chathaoirligh maidir le Rialú Inmheánach.....	26
Aguisín 4 – Úsáid Fuinnimh 2016.....	28

Ár bhFís

Is é atá mar **fhís** againn go mbeadh eagraíocht póilíneachta ann atá gairmiúil agus neamhchlaonta le freastal ar an tsochaí, eagraíocht a bhíonn ag feabhsú i gcónaí agus a bhfuil muinín ag an bpobal aisti agus a dtacaíonn an pobal léi.

“...comhlacht ar a dtabharfar an tÚdarás Póilíneachta nó an Policing Authority i mBéarla, chun críocha maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána agus ar na feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta...”

Reachtaíocht Bhunaithe an Údaráis Póilíneachta

Réamhrá an Chathaoirligh

Tá áthas orm an chéad tuarascáil bhliantúil seo de chuid an Údaráis Póilíneachta don bhliain 2016 a chur i láthair.

Sa chéad bhliain aige, tá athrú ó bhun curtha ag obair mhaoirseachta an Údaráis ar an gcomhthéacs ina n-oibríonn an Garda Síochána. Ar aon dul le heagraíochtaí eile, bhain an chéad chuid dár gcuid oibre le bunchloch a leagan ar féidir tógáil uirthi sna blianta atá romhainn. I gcás an Údaráis Póilíneachta, tá na bhunchloch seo riachtanach, ní hamháin don eagraíocht féin ach don chaidreamh a bheidh aige leis an nGarda Síochána.

Thosaigh an tÚdarás le foireann de thriúr an 1 Eanáir 2016, ar lá ár mBunaithe. Tá foireann bheag ag an Eagraíocht inniu ach foireann atá ag dul i méid, agus tá rialachas, próisis agus nósanna imeachta stuama curtha i bhfeidhm againn le bainistíocht a dhéanamh ar ár gcuid oibre agus tá spriocdhátaí reachtúla 2016 bainte amach againn. Ón 1 Eanáir 2017, tá a chuid feidhmeanna reachtúla ar fad anois ag an Údarás, de réir na n-alt go léir in Acht a bhunaithe.

Bunchloch chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht

Chun tabhairt faoinár gcuid oibre, leag an tÚdarás béim ar thuiscint a fháil ar an gcreat feidhmíochta atá ag an nGarda Síochána cheana féin. Leagadh béim ina dhiaidh sin ar bhunchloch a leagan a mbeifí ábalta cur leis sna blianta atá romhainn. Áiríodh ansin, cur chuige comhairliúcháin níos leithne ó thaobh tosaíochtaí póilíneachta a leagan síos inar áiríodh an Comhchoiste Póilíneachta chomh maith le roinnt spriocanna feidhmíochta intomhaiste ardleibhéil ach atá sonrach go maith i bPlean Póilíneachta an Gharda Síochána den chéad uair. Cuid rithábhachtach a bheidh anseo le cur ar chumas an Údaráis athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na nGardaí.

Ní mór don mhaoirseacht feidhmíochta atá idir lámha ag eagraíocht ar bith tuairimí agus torthaí tríú páirtithe a thabhairt san áireamh. Maidir leis sin, thug rannpháirtíocht le Cigireacht an Gharda Síochána, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an Phríomh-Oifig Staidrimh cúnamh thar na bearta dúinn. Tá a mhéid atá an Garda Síochána ag comhlíonadh tuarascálacha tríú páirtithe – lena n-áirítear, Coimisiún Fiosrúcháin – anois mar chuid d’obair leanúnach maoirseachta an Údaráis.

Is cuid tábhachtach ó thaobh feidhmíochta in aon ghairm Cód Eitice a bheith ann, mar a aithníonn an tOireachtas in Acht an Gharda Síochána. Tá an tÚdarás an-bhródúil as a bhfuil bainte amach aige ó thaobh an chéad Chód Eitice a bhunú don Garda Síochána agus gan é ach aon bhliain amháin ar an bhfód agus léirítear sin go soiléir i ngné-alt sa Tuarascáil seo.

Bhí an tÚdarás meáite, óna chéad chruinniú, na codanna sin dár gcuid oibre atá i mbéal an phobail a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir agus áiríodh ansin, obair go trédhearcach, dul i gcomhairle le Cód Eitice an Gharda, lenár Ráiteas Straitéise agus leis an bPlean Póilíneachta agus rannpháirtíocht le Cathaoirligh an Chomhchoiste Póilíneachta. Gan amhras, ba é an ní is mó a chuir athrú ar an gcomhthéacs, áfach, ná go gcuireann comhaltaí an Údaráis ceisteanna ar Choimisinéir an Gharda Síochána agus ar a comhghleacaithe sinsearachta maidir le feidhmíocht an Gharda Síochána i ndáil le hábhair phóilíneachta mí ar mhí agus tionóladh na rannpháirtíochtaí seo go poiblí cúig huair sa bhliain 2016, rinneadh sruthú beo ar an ábhar agus

rinneadh an t-ábhar a chartlannú le féachaint air amach anseo. Is dúshlán nua d'fhormhór chomhaltaí an Údaráis atá i gcur i bhfeidhm ár gcuid feidhmeanna go poiblí agus táimid ag dul i dtaithí air de réir a chéile. Lasmuigh den fhiúntas a ghabhann le hábhar na gcruinnithe, breithnímid, áfach, gur siombail an-tábhachtach atá iontu ar chreat cuntasachta feabhsaithe agus ar an trédhearcacht feabhsaithe atá curtha i bhfeidhm in Eagraíocht an Gharda Síochána. Agus dar linn tá tionchar acu.

Admhaím go bhfuil teacht ar an bhfód an Údaráis agus an bealach oibre atá againn ag cur brú ar eagraíocht an Gharda Síochána agus ó am go ham ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le linn dúinn a bheith ag cruthú bealaí oibre agus caidreamh. Dhéileáil an dá eagraíocht linn go cúirtéiseach agus thug cúnamh agus tacaíocht dúinn mar aon leis an líon eile eagraíochtaí ar iarramar cúnamh orthu.

Rathúlacht i gCúrsaí Póilíneachta

Tá níos mó i gceist ná maoirseacht póilíneachta amháin. Tá torthaí níos fearr do mhuintir na hÉireann i gceist leis. Chuige sin, d'éirigh go maith le tionscnaimh phóilíneachta sa bhliain 2016 agus is fiú é sin a thabhairt ar aird – d'éirigh go maith leis an bpóilíneacht in aghaidh coireacht eagraithe, tionchar suntasach oibríocht Thor ar bhuirgléireacht agus ar na coireanna a ghabhann leis, bunú Oifigí Seirbhíse d'Íospartaigh i ngach Rannán de chuid an Gharda Síochána, gan ach roinnt bheag a lua.


Tar éis blianta fada srianta ar chaiteachas poiblí, cuireadh fáilte mhór in 2016 roimh thiomantas an Rialtais ó thaobh airgid, praiticiúlachta agus foirne d'eagraíocht Gardaí ag a mbeidh acmhainní leordhóthanacha amach anseo, le foireann de 21,000 duine, lena n-áirítear 20% ar a laghad de ghairmithe sibhialta faoin mbliain 2021. Tá an tÚdarás ag tnúth go mór le treallús a chur faoi phrionsabal “civilian by default” atá leagtha síos ag an Rialtas le súil cur a mhéid is féidir le himlonnú Gardaí oilte i ról oibríochta póilíneachta.

Tá Póilíneacht éifeachtach ríthábhachtach

Is ionann póilíneacht éifeachtach agus náisiún neamhspleách le dea-stádas. Tá sé thar a bheith tábhachtach do shábháilteacht an phobail, d'fhorlámhas an dlí agus don daonlathas. Ós rud é gur é sin an cás, téann sé chun tairbhe go mór do mhuintir na hÉireann leanúint le tuairisciú a dhéanamh, meas a léiriú agus muinín a bheith acu sa Gharda Síochána.

Rinneadh an cinneadh beartais Údarás Póilíneachta a bhunú tráth a raibh conspóid faoi mar atá an Garda Síochána ag feidhmiú agus tráth a raibh easpa muiníne ag an bpobal i mbainistíocht an Gharda Síochána. I bhfianaise an chúlra sin a chuir an tÚdarás tús lena chuid oibre ag déanamh maoirsiú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta - dualgas reachtúil atá léirithe go cúramach sa dlí. In ainneoin na conspóide, agus go deimhin mar gheall ar an gconspóid, níor chóir fócas a bhaint den obair, is é sin athchóiriú a dhéanamh ar na seirbhísí póilíneachta, nuachóiriú a dhéanamh ar an nGarda Síochána agus feabhas a chur ar chultúr na nGardaí.

Tá an t-ádh orm ó thaobh mo chomhghleacaithe san Údarás agus an Fhoireann Feidhmiúcháin. Táimid ar aon intinn go dtiocfaidh athrú de bharr na maoirseachta agus an dúshláin, go bhfuil gá le hathchóiriú agus le trédhearcacht chun muinín a neartú agus is ár n-uaimhian, go mbeadh an Garda Síochána ar an tseirbhís phóilíneachta is fearr is féidir ar mhaithe le muintir na hÉireann, atá ár dtiomáint. De réir mar a dhéanfaimid dul chun sa dara bliain againn ar an bhfód agus de réir mar a théimis in aibíocht mar Eagraíocht, tabharfaidh an tÚdarás Póilíneachta faoina ról go fonnmhar.



Josephine Feehily
Cathaoirleach

Athbheithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mBliaín

Bunaíodh an tÚdarás an 1 Eanáir 2016 agus ba bhliain ghnóthach oibríochta a bhí inti.

Ar an bpríomhthosaíocht láithreach, bhí oifig a bhunú, bainistíocht agus foireann a earcú agus córais agus nósanna imeachtaí a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt d'obair an Údaráis. Tús maith leath na hoibre, agus faoi dheireadh na bliana bhí foireann bainistíochta sinsearaí agus go leor de na córais oibríochta agus rialachais bunaithe.

Ag obair i gcomhar leis an Údarás agus le Comhaltaí an Choiste, tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil dul chun cinn eisceachtúil déanta ag an bhfoireann Fheidhmiúcháin ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'obair an Údaráis agus ó thaobh na gcuspóirí sin go léir a bhaint amach a raibh spriocdháta reachtúil leo lena dtabhairt chun críche sa bhliain 2016.

Sracfhéachaint

- Cuireadh tús le feidhmeanna an 1 Eanáir agus bhí triúr comhaltaí foirne ag feidhmiú;
- Dul chun cinn maith déanta ó thaobh foireann a earcú ag teacht leis an fhoireann de 35 a bhí ceadaithe. Faoi dheireadh na bliana bhí cúig dhuine dhéag (15) fostaithe, agus tá dátaí tosaithe deimhnithe do chúigear (5) eile foirne i mí Eanáir 2017;
- Reáchtáladh trí chruinniú dhéag (13) de chuid an Údaráis i rith na bliana, lena n-áirítear cúig (5) chruinniú a ndearnadh beoshruathú orthu go poiblí;
- Bhí a chéad chruinniú ag an Údarás le Coimisinéir na nGardaí a tionóladh go príobháideach an 28 Eanáir agus go poiblí an 25 Aibreán;
- Bunaíodh ceithre Choiste Údaráis le hobair an Údaráis a chur chun cinn idir na cruinnithe míosúla:
- Tionóladh 32 cruinniú Coiste;
- Tionóladh cruinniú le Cathaoirligh an Chomhchoiste Póilíneachta Náisiúnta i mí Iúil;
- Ceithre chomhairliúchán poiblí– comhairliúchán maidir lenár Ráiteas Straitéise trí (3) bliana, ceann faoi thosaíochtaí póilíneachta agus péire maidir leis an gCód Eitice;
- Athbheithniú ar nósanna imeachta Nochtadh Cosanta an Gharda Síochána curtha faoi bhráid an Tánaiste i mí na Samhna 2016;
- Caiteachas €1,075,000 le linn na bliana, a bhí comhdhéanta de chostais foirne €680,000; agus
- Bunaíodh Cód Eitice don Gharda Síochána go rathúil an 14 Nollaig 2016 roimh an spriocdháta reachtúil den 31 Nollaig 2016.

Mar is léir ón tuarascáil seo, tá go leor bainte amach ag an Údarás ó tugadh feidhmeanna reachtúla dó in Eanáir 2016 – bhí sé seo indéanta mar gheall ar dhíograis, ar thiomantas agus ar ghairmiúlacht chomhaltaí an Údaráis agus na Foirne Feidhmiúcháin. Fuaireamar tacaíocht den scoth freisin ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus táim thar a bheith buíoch as sin. Táim ag tnúth go mór, bunaithe ar an mbunsraith atá leagtha síos anois, go leor eile de chuspóirí an Údaráis a bhaint amach sa bhliain 2017 agus ina dhiaidh sin.



Helen Hall
Príomhfheidhmeannach

1. Obair an Údaráis Póilíneachta.

Is gníomhaireacht neamhspleách é an tÚdarás Póilíneachta a bunaíodh an 1 Eanáir 2016. An príomhról atá aige maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fheidhmeanna an Gharda Síochána mar a bhaineann le seirbhísí póilíneachta.

Bunaíodh an tÚdarás trí achtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015 a dhéanann leasú ar Acht an Gharda Síochána 2005. Déanann an tAcht foráil do raon leathan feidhmeanna don Údarás, roinnt acu a bhí mar fhreagracht ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais roimhe seo agus tá siad le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis Póilíneachta:


- Tosaíochtaí agus spriocanna feidhmíochta a leagan síos don Gharda Síochána;
- Feidhmiú fheidhmeanna an Gharda Síochána a choinneáil faoi athbhreithniú;
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar bhearta a dtugann an Garda Síochána fúthu maidir leis na moltaí a bhí i dtuarascáil Cigireachta an Gharda Síochána;
- Daoine a ainmniú lena gceapadh ag an Rialtas i bpost Choimisinéir an Gharda Síochána agus i bpost Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána, tar éis próiseas roghnaithe arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí;
- Tabhairt faoi chomórtais roghnúcháin le daoine a cheapadh chuig céim an Choimisinéara Cúnta, an Ard-Cheannfoirt agus Cheannfort an Gharda Síochána;
- Coimisinéirí Cúnta, Ard-Cheannfoirt agus Ceannfoirt a cheapadh i gcéimeanna agus i ngráid sinsearachá áirithe sa Gharda Síochána agus iad a chur as oifig;
- Cód Eitice de chuid an Gharda Síochána a bhunú laistigh de 12 mí de bhunú an Údaráis, m.sh. faoi dheireadh na bliana 2016;
- Eolas agus comhairle a chur ar fáil don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais; agus
- Prionsabail phóilíneachta agus feasacht an phobail ar ábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a chur chun cinn agus feabhas leanúnach na póilíneachta sa Stát a chur chun cinn.

Cé go bhfuil an tÚdarás freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta, faoi alt 26(3) d'Acht an Gharda Síochána 2005, tá Coimisinéir an Gharda Síochána freagrach don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le feidhmíocht fheidhmeanna an Choimisinéara agus fheidhmeanna an Gharda Síochána.

Ár Misean

Is é **ár misean** obair phóilíneachta den scoth a chur chun cinn trí mhaoirseacht agus rialachas atá éifeachtach agus a bhfuil meas orthu.

Tá ár luachanna tábhachtach dúinn. Is léiriú iad ar ár gcultúr agus ar ár n-aitheantas agus tugann siad treoir dúinn chun nithe a bhaint amach.



Na luachanna atá againn

2 Dul chun cinn in aghaidh Cuspóirí Straitéiseacha

Cuireadh Ráiteas Straitéise an Údaráis Póilíneachta 2016-2018 faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an 14 Iúil 2016 agus cuireadh faoi bhráid an Oireachtais ina dhiaidh sin é. Leagtar amach ann cuspóirí straitéiseacha, príomhghníomhaíochtaí agus táscairí feidhmíochta an Údaráis ar feadh tréimhse trí bliana. Tá an dul chun cinn maidir le baint amach na gcuspóirí seo leagtha amach sa chaibidil seo.

Toradh inmhianaithe 1- Feabhas leanúnach ar phóilíneacht in Éirinn agus úsáid a bhaint as acmhainní poiblí an Gharda Síochána ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.

Cuspóirí	An méid a baineadh amach in 2016
Creat tomhas feidhmíochta agus cuntasachta atá éifeachtach curtha i bhfeidhm don Gharda Síochána	<ul style="list-style-type: none"> Cheadaigh an tÚdarás Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána do 2016-2018 agus chuir faoi bhráid an Aire é lena cheadú an 14 Iúil 2016; Leag an tÚdarás amach tosaíochtaí póilíneachta do 2017 tar éis próiseas comhairliúcháin agus cuireadh ar fáil do Choimisinéir an Gharda Síochána iad agus foilsíodh iad i mí Mheán Fhómhair 2016; Cheadaigh an tÚdarás plean póilíneachta do 2017 i mí Eanáir agus cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é i dtús mhí Eanáir 2017; Rannpháirtíocht leanúnach leis an nGarda Síochána maidir le feidhmíocht agus cuntasacht, lena n-áirítear mar shampla: <ul style="list-style-type: none"> Creat bunúsach tuairiscithe feidhmíochta a chomhaontú don Phlean Póilíneachta; Formáid a chomhaontú do Thuarascáil Mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána don Údarás; agus Rannpháirtíocht leanúnach leis an nGarda Síochána le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh Phlean Póilíneachta 2016 ar bhonn míosúil.
Nuachóiriú agus feabhas córasach an Gharda Síochána	<ul style="list-style-type: none"> Rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm tionscnaimh nuachóirithe a leagadh amach chun dul i ngleic le moltaí a rinneadh i dtuarascálacha tríú páirtí le feabhas a chur ar fheidhmíocht; Rannpháirtíocht leanúnach leis an nGarda Síochána le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh spriocanna an Chláir Nuachóirithe agus Athnuachana do 2016; Ceisteanna a chur ar Choimisinéir an Gharda Síochána agus ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí ag cruinnithe príobháideacha agus poiblí maidir le cur i bhfeidhm na moltaí atá déanta i dtuarascáil <i>O'Higgins</i>; Éileamh ar an nGarda Síochána tabhairt faoi iniúchadh cultúir atá molta ag Cigireacht an Gharda Síochána.

Cuspóirí	An méid a baineadh amach in 2016
Socruithe agus struchtúir dea-rialachais laistigh den Gharda Síochána	<ul style="list-style-type: none"> • Ceapadh comhaltaí Choiste Iniúcháireachta an Gharda Síochána de réir mar a bhí gá leis; • Aighneachtaí curtha faoi bhráid na Roinne i mí Iúil 2016 maidir leis na struchtúir atá laistigh den Gharda Síochána.

Toradh inmhianaithe 2 - Cultúr ardfeidhmíochta agus luachanna eiticiúla atá láidir ar fud an Gharda Síochána

Cuspóirí	An méid a baineadh amach in 2016
Cód Eitice a ghlacann san áireamh (a) caighdeáin iompair agus cleachtas do chomhaltaí; agus (b) forálacha le tuairisciú ó chomhaltaí agus ó fhoireann an Gharda Síochána maidir le héagóir sa Gharda Síochána a spreagadh agus a éascú	<ul style="list-style-type: none"> • Cód Eitice an Gharda Síochána bunaithe agus ceadaithe ag an Údarás i mí na Nollag 2016 agus seolta i mí Eanáir 2017. Tá gné-alt maidir leis an gCód Eitice ar Leathanach 11; • Foilsiú athbhreithniú maidir le Beartas Nochtadh Cosanta sa Gharda Síochána agus moltaí maidir le leasú.
Córas ceapacháin atá dea-bhunaithe agus atá ag feidhmiú go hiomlán d'fhoireann go léir an Gharda Síochána a thagann laistigh de théarmaí tagartha ceapacháin an Údarás	<ul style="list-style-type: none"> • Aighneachtaí chun na Roinne maidir le hardú céime sa Gharda Síochána; • Rannpháirtíocht leis an Roinn maidir le rialacháin a dhréachtú do cheapacháin chuig céimeanna sinsearacha áirithe le déanamh ag an Údarás; • Ag feitheamh le rialacháin a thabhairt chun críche agus tús a chur le feidhm cheapacháin in Eanáir 2017, rinneadh dul chun cinn ar ullmhúcháin le comórtas roghnúcháin a stiúradh do chéimeanna sinsearacha sa Gharda Síochána. (Fógraíodh an chéad chomórtas in Eanáir 2017); • Tá próisis agus nósanna imeachta i bhfeidhm le líon agus gráid comhaltaí foirne sibhialta a cheadú agus le ceapacháin comhaltaí foirne sibhialta a dhéanamh; • Rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána maidir le pleananna le sibhialtachú agus imlonnú Gardaí chuig seirbhís líne tosaigh.
Socruithe le haghaidh earcaíochta, oiliúna agus forbartha do chomhaltaí an Gharda Síochána agus d'fhoireann an Gharda Síochána a choinneáil faoi athbhreithniú	<ul style="list-style-type: none"> • Tús curtha le rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána maidir leis an gCód Eitice a cheangal le hoiliúint na nGardaí ag gach leibhéal

Toradh inmhianaithe 3 – Feasacht agus rannpháirtíocht pobail atá láidir maidir le hábhair phóilíneachta

Cuspóirí	An méid a baineadh amach in 2016
<p>Caidreamh oibre éifeachtach le geallsealbhóirí</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Próisis agus nósanna imeachta i bhfeidhm le cumarsáid a dhéanamh leis na príomhgeallsealbhóirí, leis na meáin agus leis an bpobal, trí chruinnithe poiblí, comhairliúchán agus rannpháirtíocht eile; • Rannpháirtíocht chuiditheach le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, Cigireacht an Gharda Síochána agus leis an Roinn; • Raon ábhair foilsithe ar láithreán gréasáin an Údaráis; • Rannpháirtíocht leis an <i>Northern Ireland Policing Board</i>.
<p>Bíonn pobail rannpháirteach go gníomhach leis an nGarda Síochána trína Comhchoistí Póilíneachta ar bhealach a dhéanann cosc ar choireacht a éascú agus a chuireann feabhas ar shábháilteacht agus ar an gcaighdeán saoil do shaoránaigh</p>	<ul style="list-style-type: none"> • An chéad rannpháirtíocht le Cathaoirligh na gComhchoistí Póilíneachta agus le Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin na nÚdarás Áitiúil maidir leis an gCód Eitice agus le Tosaíochtaí Póilíneachta na bliana 2017; • D'fhreastail comhaltaí an Údaráis agus an fhoireann, mar bhreathnóirí nó mar chainteoirí ar líon cruinnithe de chuid na gComhchoistí Póilíneachta.
<p>Feasacht an phobail ar ábhair phóilíneachta a fheabhsú</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Reáchtáil an tÚdarás cúig chruinniú phoiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána agus rinneadh sruthú beo ar na cruinnithe agus tá an t-ábhar sin le fáil ar líne le féachaint air; • Rinneadh stiúradh ar chomhairliúcháin phoiblí ar an gCód Eitice agus ar an Ráiteas Straitéise trína bhfoilsíú ar láithreán gréasáin an Údaráis; • Imeachtaí comhairliúcháin ar an gCód Eitice agus ar Thosaíochtaí Póilíneachta; • Foilsíú doiciméid, cláir oibre, miontuairiscí cruinnithe agus doiciméid eile ar láithreán gréasáin an Údaráis; • Eolas curtha ar fáil don phobal trí rannpháirtíocht leis na meáin, lena n-áirítear, preasocáidí, preasráitis agus agallaimh.

Toradh inmhianaithe 4 - Dhírigh an tÚdarás, mar eagraíocht lena mbaineann ardfheidhmíocht, nuálaíocht, freagracht agus eagraíocht a bhfuil meas uirthi, ar a fíis agus ar a misean

Cuspóirí	An méid a baineadh amach in 2016
<p>A bheith ina heagraíocht éifeachtach le cultúr ardfheidhmíochta</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Rinneadh forbairt ar struchtúr eagraíochta an Údaráis chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí an Údaráis, aithníodh riachtanais foirne agus bhíodhas rannpháirteach in earcú agus in ionductú do róil tosaigh; • Bhí an Príomhfheidhmeannach agus Foireann Bainistíochta Sinsearaí le taithí agus atá ardoilte ag feidhmiú le comhlán foirne de chúig dhuine dhéag (15) faoi dheireadh na bliana, agus earcaíodh cúigear (5) foirne breise atá le tosú ag obair i dtús na bliana 2017; • Cuireadh Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) foirne i

Cuspóirí	An méid a baineadh amach in 2016
	<p>bhfeidhm agus tá tionscnaimh oiliúna agus forbartha i bhfeidhm;</p> <ul style="list-style-type: none"> • Glacadh le Cód Iompair agus le Buan-Orduithe i mí Feabhra 2016; • Bunaíodh coistí faoi na Téarmaí Tagartha sainithe chun na príomhréimsí oibre maidir le hEitic, Ceapacháin, Straitéis Póilíneachta agus Feidhmíochta a chur chun cinn. Tugadh cláir oibre do gach coiste chun críche sa bhliain 2016 seachas na feidhmeanna reachtúla a bhaineann le ceapacháin Gardaí ar cuireadh tús leo sa bhliain 2017; • Cuireadh i bhfeidhm agus foilsíodh Ráiteas Straitéise 2016-18, Creat Rialachais, agus Comhaontú Caidrimh agus Tacaíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; • Baineadh amach gach spriocdháta reachtúil le linn na chéad bhliana de bheith ag feidhmiú; • Tionóladh trí chruinniú dhéag (13) de chuid an Údaráis, cúig cinn acu sin go poiblí, ar fhreastail go leor de Chomhaltaí an Údaráis orthu; • Rannpháirtíocht le príomhghrúpaí geallsealbhóra i ndáil le raon saincheisteanna, lena n-áirítear Ráiteas Straitéise an Údaráis, Cód Eitice an Gharda Síochána agus Tosaíochtaí Póilíneachta 2017; • Ullmhúcháin déanta chun tabhairt faoi athbhreithniú féinmheasúnaithe éifeachtúlachta ar an Údarás atá le réachtáil sa chéad ráithe de 2017; • Córais agus nósanna imeachta bunaithe ar mhaithe le soláthar, rialú inmheánach agus bainistíocht airgeadais; • Coiste Iniúcháireachta agus Riosca bunaithe; • Próiseas soláthair tugtha chun críche le seachfhoinisí a dhéanamh ar fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaigh an Údaráis.
<p>Tuarascálacha tráthúla agus cuí a chur ar fáil don Aire agus comhairle a thabhairt maidir le hábhair phóilíneachta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cuireadh Ráiteas Straitéise 2016-18 an Údaráis faoi bhráid an Aire laistigh de shé (6) mhí de bhunú an Údaráis; • Aighneachtaí agus comhairle curtha ar fáil don Aire ar bhealach tráthúil agus gníomh déanta maidir le héileamh reachtúil ón Aire, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm sa Gharda Síochána chun déileáil le sceithirí agus le sceithireacht; • Tionscadal le himscrúdú a dhéanamh ar scaipeadh agus úsáid acmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána chun seirbhísí póilíneachta a chur ar fáil do phobail áitiúla; • Breithniú á dhéanamh ar thuarascáil O’Higgins; • Freagra ar chomhairliúchán maidir le fiosrúcháin a bhaineann le hAlt 42; • Maoirseacht an Gharda Síochána ar fheidhmiú Thuarascáil Chigireachta an Gharda Síochána “<i>Changing Policing in Ireland</i>”; • Maoirseacht ar phoist sa Gharda Síochána atá oiriúnach lena n-athimlonnú ag teacht le beartais Rialtais “<i>Civilian by default</i>”.

3. Gné-alt: Cód Eitice don Gharda Síochána

Is gnách Cód Eitice a bheith ag baint le slite beatha a n-éilítear ar chomhaltaí breithiúnas a fheidhmiú d'fhonn inspioráid agus treoir a thabhairt do chomhaltaí. Faoi Acht an Gharda Síochána 2005, rinneadh foráil do bhunú Cód Eitice don Gharda Síochána agus nuair a bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta éilíodh air faoin Acht Cód a bhunú laistigh de dhá mhí dhéag (12), i.e. faoin 31 Nollaig 2016. Breithnigh an tÚdarás gurbh ionann é seo agus ceann de na feidhmeanna ba thábhachtaí a bhí aige agus bhunaigh Coiste de chuid an Údaráis chun an Cód a fhorbairt. Táimid thar a bheith bródúil a thuairisciú gur comhlíonadh an spriocdháta seo agus seoladh an Cód an 27 Eanáir 2017.

Is próiseas atrialach a bhí sa phróiseas forbartha. Bhí leibhéal ard rannpháirtíochta na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí eile i gceist agus bhí an táirge deiridh thar a bheith difriúil ón táirge ar thosaímid amach leis, mar gheall ar fhiúntas an phróisis agus mar gheall ar chaighdeán an méid a cuireadh leis, den chuid is mó. Ba é an cur chuige deiridh a roghnaigh an tÚdarás ná prionsabail treorach a leagan amach le gníomhartha an uile dhuine a oibríonn sa Gharda Síochána a threorú agus a chur ar an eolas ag gach leibhéal. Níl an cur chuige seo gan lucht a cháinte. Tar éis taighde agus breithniú a bhí thar a bheith mionsonraithe, áfach, agus nuair a ghlactar san áireamh an méid eolais a fuarthas, roghnaíodh Cód a fhéachann le daoine a spreagadh agus atá bunaithe ar dhílseacht thar Chód a dhíríonn ar smacht nó ar phionós. Bhíomar den tuairim go raibh sé tábhachtach a threisiú go bhfuil Cód Eitice an-difriúil ó shraith ceanglas dlíthiúil. Admhaítear sa Chód go bhfuil gné breithiúnais i gceist i gcinnteoireacht agus tá sé tábhachtach go dtreoródh sraith prionsabal agus caighdeán an breithiúnas seo (cineál compás morálta más mian leat) seachas sraith rialacha. Tá sé seo níos tábhachtaí fós i seirbhís ar nós na póilíneachta, áit a bhfuil, go cuí agus de réir riachtanas, discréd leathan ag an fhoireann ó thaobh déileáil leis an bpobal. Tá sé níos tábhachtaí fós go mbeadh sraith prionsabal agus luachanna foilsithe ann mar bhonn taca leis an discréd sin agus le cinntí a chur ar an eolas.



Caighdeáin agus Tiomantais Eiticiúla

Leagtar amach sa Chód naoi gcaighdeán eiticiúla a léirítear thíos. Tugtar tiomantas amháin nó níos mó mar thaca le gach aon cheann acu. Is teachtaireachtaí príomha atá sna tiomantais seo don léitheoir agus tá gnéithe iontu, a spreagann aird a d'fhéadfadh dúshlán a thabhairt don léitheoir le machnamh a dhéanamh ar a n-iompar agus ar iompar a gcomhghleacaithe.

Caighdeáin Eiticiúla	Sampla de Thiomantas
Dualgas seasamh leis an dlí	Seasfaidh mé leis an dlí agus beidh mé umhal don dlí agus déanfaidh mé mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach atá cóir agus neamhchlaonta.
Macántacht agus Ionracas	Beidh an pobal, mo chomhghleacaithe, na cúirteanna agus eagraíochtaí eile ag brath orm agus ag súil go n-inseoidh mé an fhírinne. Trí fheidhmiú go macánta agus go hionraic, bainfidh mé amach agus coinneoidh mé an muinín sin.
Meas agus Cothroime	Caithfidh mé leis an uile dhuine le meas agus go cóir, seasfaidh mé i gcoinne idirdhealú agus i gcoinne caitheamh go héagórach le daoine.
Údarás agus Freagracht	Déanfaidh mé mo dhícheall tacaíocht a thabhairt do mo chomhghleacaithe agus iad i mbun a gcuid dualgas agus freagrachtaí.
Cumhachtaí na nGardaí	Sa chás go mbíonn gá le cumhachtaí na nGardaí a úsáid le cuspóir a bhaint amach, cinnteoidh mé tabhairt faoi sin de réir an dlí agus go comhréireach.
Eolas agus Príobháideacht	Aithneoidh mé agus beidh meas agam ar chearta an duine i leith an phríobháideachais. Ní chuirfidh mé as don cheart sin ach amháin nuair a bhíonn sé dleathach agus nuair a bhíonn sé riachtanach le cuspóir dlisteanach a bhaint amach.
Trédhearcacht agus Cumarsáid	Cinnteoidh mé eolas a thabhairt ar bhealach atá measúil, éasca le tuiscint agus goilliúnach i leith na n-imthosca.
Labhairt amach agus Éagóir a Thuairisciú	Tá gach uile dhuine atá ag obair sa Gharda Síochána freagrach as dul i ngleic le héagóir agus éagóir a thuairisciú.
Ceannaireacht	Déanfaidh mé iarracht mé féin a iompar ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don Gharda Síochána agus dom féin, ag cruthú muinín an phobail sa phóilíneacht ar an mbealach sin.

Cód Eitice a Neadú

Níl i mbunú Cód, cé go bhfuil tábhacht ag gabháil leis, ach an chéad chéim. Dar leis an Údarás baineann tábhacht agus práinn áirithe leis an obair atá riachtanach le Cód a neadú i ngach gné d'obair an Gharda Síochána. Leanfaidh an Coiste Eitice lena chuid oibre sa bhliain 2017 le treallús a chur faoi agus maoirseacht a dhéanamh ar an gCód a neadú in obair an Gharda Síochána.

Bainfidh an tÚdarás úsáid as deiseanna freisin lena chuid feidhmeanna féin a fheidhmiú le héifeacht a thabhairt don Chód. Mar shampla, tá an Cód anois mar chuid den chreat inniúlachta i gcomórtas roghnúcháin do chéimeanna sinsearach sna Gardaí agus tá iarratasóirí curtha ar an eolas againn go bhfuil an comórtas faoi rialú ag an gCód. Beimid ag díriú ar oiliúint inár gcuid oibre maoirseachta agus beimid ag iarraidh a fháil amach mar atá an Cód á chur isteach sa churaclam. Ghlacamar leis an gCód freisin mar dhoiciméad treorach d'fhoireann an Údaráis.

Rud amháin ar mhian linn a thabhairt ar aird ar deireadh – baineann an Cód seo le daoine den phobal freisin ionas go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar an gcineál iompair a bhfuil siad i dteideal a bheith ag súil leis óna seirbhís póilíneachta.

4. Rialachas agus Struchtúr

1. Comhaltaí an Údaráis

Tá comhaltas an Údaráis comhdhéanta de chathaoirleach agus d'ocht ngnáthchomhalta. Faoin reachtaíocht, ceaptar comhaltaí an Údaráis ar feadh téarma 3 nó 4 bliana agus d'fhéadfaí iad a cheapadh arís ar feadh téarma eile faoi réir ag uasmhéid d'ocht (8) mbliana.

Níl comhaltaí den Oireachtas ná de na hÚdaráis Áitiúla, comhaltaí den Gharda Síochána atá ag fónamh, GSOC ná Cigireacht an Gharda Síochána i dteideal a bheith ina gcomhaltaí den Údarás.

Roghnaíodh Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis trí cheapachán Rialtais tar éis próisis roghnúcháin a réachtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá an Cathaoirleach ceaptha ar bhonn lánaimseartha do 2016 agus 2017 agus tá na comhaltaí eile ceaptha ar bhonn tiomantais do 4-6 lá in aghaidh na míosa.

Tá Comhaltaí an Údaráis liostaithe sa tábla thíos chomh maith le heolas maidir lena dtéarma oifige, cruinnithe Údaráis ar freastalaíodh orthu le linn na bliana 2016 agus aon táillí agus costais a íocadh leo don bhliain 2016 a d'eascair ó fheidhmiú a gcuid dualgas.

Comhalta Údaráis	Dul in éag an téarma	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu ¹	Coiste agus Cruinnithe Ionadaíochta ²	Táille Bhliantúil 2016 ³ €	2016 Costais €
Josephine Feehily (Cathaoirleach)	31/12/2019	13	22	64,900	2,142
Noel Brett	31/12/2019	12	13	14,963	-
Bob Collins	31/12/2019	13	17	14,963	-
Vicky Conway ⁴	31/12/2018	13	26	-	99
Pat Costello	31/12/2018	13	17	14,963	-
Judith Gillespie	31/12/2019	13	26	14,963	4,687
Valerie Judge	31/12/2018	11	11	14,963	505
Maureen Lynott	31/12/2019	12	17	14,963	434
Moling Ryan	31/12/2018	13	11	14,963	-

2. Coistí an Údaráis

Bhunaigh an tÚdarás líon Coistí sa bhliain 2016 le maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus le hobair an Údaráis maidir lena chuid tosaíochtaí reachtúla a chur chun cinn. Bunaíodh gach aon Choiste faoi

¹ Tionóladh trí chruinniú dhéag den Údarás in 2016.

² Tionóladh 32 cruinniú Coiste. Chomh maith leis sin, rinne Comhaltaí ionadaíocht ar an Údarás ag líon cruinnithe agus imeachtaí eile ar feadh na bliana.

³ Is é an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a cheadaíonn na táillí a íoctar le Comhaltaí an Údaráis le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

⁴ Mar fhostaí sa tseirbhís phoiblí, tá Comhaltaí amháin nach bhfaigheann aon táillí faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

théarmaí tagartha a leagan amach a gcuspóir, a threoraíonn a gcuid oibre agus a leagan amach mionsonraí maidir le hábhair a tharmlichtear chuig an gCoiste le haghaidh cinneadh. Tá na téarmaí tagartha seo faoi réir leasaithe i gcomhthéacs chlár oibre an Údaráis atá ag teacht chun cinn de réir a chéile. Tá na Téarmaí Tagartha do gach aon Choiste agus a miontuairiscí cruinnithe ceadaithe don bhliain 2016 le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Póilíneachta.

Is buanmhír ar an gclár cruinnithe ag gach cruinniú de chuid an Údaráis is ea an t-eolas is deireanaí óna Coistí, nuair a chuireann Cathaoirleach gach aon Choiste eolas ó bhéal ar fáil don Údarás maidir le hobair an Choiste. Cuirtear páipéir faoi bhráid a leagan amach ábhair le haghaidh cinneadh nó le haghaidh cead an Údaráis a eascraíonn ó obair na gCoistí, lena mbreithniú ag cruinnithe Údaráis.

Cuirtear acmhainní rúnaíochta ar fáil do gach Coiste, agus coinníonn Cathaoirleach an Choiste an Príomhfheidhmeannach ar an eolas maidir le haon obair a bhféadfadh tuilleadh acmhainní a bheith i gceist léi.

Bhí ceithre choiste ag feidhmiú sa bhliain 2016. Tá gach comhalta den Údarás ina gcomhaltaí de choiste amháin ar a laghad seachas an Cathaoirleach, a mbeidh ar a cumas, cé nach bhfuil sí ina comhalta d'aon Choiste, freastal ar chruinniú coiste ó am go ham. Chomh maith leis sin, tá beirt chomhaltaí sheachtracha ann den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tá mionsonraí maidir le gach aon choiste, mar aon le comhaltas agus cruinnithe sa bhliain 2016 leagtha amach thíos:

Coiste	Comhaltas	Cruinnithe in 2016
Ceapacháin	Valerie Judge (Cathaoirleach) Maureen Lynott Moling Ryan	7
Iniúcháireacht agus Riosca	Moling Ryan (Cathaoirleach) Melanie Pine (Comhalta seachtrach) Ronan Nolan (Comhalta Seachtrach)	3
Cód Eitice	Pat Costello (Cathaoirleach) Bob Collins Vicky Conway Judith Gillespie	13
Straitéis agus Feidhmíocht Póilíneachta	Judith Gillespie (Cathaoirleach) Noel Brett Vicky Conway Maureen Lynott	9

3. Foireann Fheidhmiúcháin

Is é ról an Fheidhmeannais, faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, beartais agus cinntí an Údaráis a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, is é ról na foirne bainistíochta sinsearaí an tÚdaráis a choinneáil ar an eolas trína chruinnithe rialta maidir le forbairtí ábhartha (lena n-áirítear aon rioscaí ábhartha) agus

tacaíocht a thabhairt d'obair an Údaráis trí thacaíocht, eolas agus saineolas ábhartha a sholáthar maidir le rialachas agus le forbairt beartas ag leibhéal Údaráis agus ag leibhéal Coiste araon.

Tá ról agus freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh leagtha amach i reachtaíocht agus i gCreat Rialachais an Údaráis. Chomh maith leis sin, is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis agus is freagracht ar leith í seo ó fhreagrachtaí rialachais chomhaltaí an Údaráis.

Tá an fhoireann bainistíochta sinsearaí liostaithe thíos:

Ról	Ainm
Príomhfheidhmeannach	Helen Hall
Ceann Seirbhísí Rialachais agus Seirbhísí Corparáideacha	Aileen Healy
Ceann Dlí, Beartais agus Taighde	Catherine Pierse
Ceann Straitéise agus Feidhmíochta Póilíneachta	Margaret Tumelty

Íocadh tuarastal €125,761 leis an bPríomhfheidhmeannach sa bhliain 2016, ar scála tuarastail Rúnaí Cúnta sa Státseirbhís, arbh ionann é agus an méid a bhí ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Íocadh costais €798 leis an bPríomhfheidhmeannach sa bhliain 2016 a d'eascair as feidhmiú a cuid dualgas.

4. An bealach a n-oibrímid

Cruinnithe Údaráis

Beartaíonn an tÚdarás gnáth-lánchruinniú ar feadh an lae gach aon mhí seachas i mí Lúnasa. Áirítear le gach cruinniú, cruinniú le Coimisinéir an Gharda Síochána agus lena foireann bainistíochta. Ceanglaíonn an tAcht ar an Údarás líon nach lú ná ceithre chruinniú a thionól go poiblí le Coimisinéir an Gharda Síochána ar bhonn bliantúil. Foilsítear sceideal de chruinnithe na bliana roimh ré, lena n-áirítear cén cruinniú a thionólfar go poiblí leis an gCoimisinéir. Tionólfadh an tÚdarás, ó am go ham, cruinnithe breise nó eiseachtúla ar bhonn riachtanas, a d'fhéadfadh cruinnithe le Coimisinéir an Gharda Síochána a thabhairt san áireamh.

Tionóltar cruinniú go poiblí leis an gCoimisinéir in ionaid phoiblí agus tá cead isteach ag an bpobal agus ag na meáin. Fógraítear na cruinnithe sin roimh ré ar láithreán gréasáin an Údaráis. Déantar iad a shruthú beo trí láithreán gréasáin an Údaráis, tá siad ar fáil do na meáin lena gcaoladh agus tá taifid chartlainne ar fáil le féachaint orthu ar chainéal YouTube an Údaráis.

Bhí trí chruinniú dhéag (13) ag an Údarás sa bhliain 2016, bhí cruinniú Údaráis le Coimisinéir an Gharda Síochána agus/nó lena foireann bainistíochta i gceist le dhá chruinniú dhéag (12) acu sin agus tionóladh cúig chruinniú acu sin go poiblí.

Foilsíonn an tÚdarás dréachtchlár cruinnithe ar an láithreán gréasáin seachtain roimh ré agus foilsítear miontuairiscí ceadaithe ar an láithreán gréasáin freisin. Ó Eanáir 2017, foilsítear tuarascáil mhíosúil Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an Údarás ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána agus is féidir féachaint air freisin ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Déanann an tÚdarás soláthar do sheisiún príobháideach ag gach cruinniú míosúil gan an bhainistíocht i láthair agus bhí sé sin ar siúl faoi dhó le linn na bliana 2016.

Trédhearcacht agus comhairliúchán le geallsealbhóirí

Ag teacht leis an tábhacht atá le hoscailteacht agus le trédhearcacht an Údaráis, tá an tÚdarás tiomanta do chumarsáid agus do rannpháirtíocht leis na geallsealbhóirí ar fud a chuid oibríochtaí ó lá go lá:

- clár agus miontuairiscí cruinnithe a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Údaráis; agus
- Cruinnithe a thionól go poiblí, trí chomhairliúcháin leis na geallsealbhóirí agus leis an bpobal agus trí rannpháirtíocht dhíreach le príomhgeallsealbhóirí ar nós na gcomhchoistí póilíneachta agus leis an tsochaí shibhialta.

5. Socruithe Rialachais

Tá an tÚdarás neamhspleách go hiomlán i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna reachtúla, agus tá sé cuntasach go cuí don Oireachtas agus don Aire mar chomhlacht a fhaigheann maoiniú poiblí.

Seo iad a leanas a threoraíonn an Creat Rialaithe agus Rialachais foriomlán laistigh den Údarás :

- Acht an Gharda Síochána 2005;
- Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, ar ghlac an tÚdarás leis;
- Caighdeáin Rialachais Corparáidigh na Státseirbhíse, a cheanglaítear ar an Údarás a chomhlíonadh i bhfianaise an maoiniú a fhaigheann sé faoi Vóta Stáitchiste;
- na moltaí atá i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigigh Chuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey); agus
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.

Creat Rialachais

Tá na socruithe rialachais atá i bhfeidhm san Údarás leagtha amach go mionsonraithe i ndoiciméad Creat Rialachais an Údaráis. Tacaíonn sraith doiciméad rialachais eile leis sin, lena n-áirítear:

- Cód Iompair do chomhaltaí agus don fhoireann;
- Buan-Orduithe;
- Scéim maidir le tarmligeán agus ábhair a cuireadh de chúram ar an Údarás;
- Ráiteas Straitéise 2016-18; agus
- Creat Rialachais - Comhaontú Caidrimh agus Tacaíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tá na doiciméid seo ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Freagrachtaí

Tá an tÚdarás freagrach as:

- gníomhaíochtaí an Údaráis a stiúradh agus a threorú;
- gach oibleagáid reachtúil infheidhme a chomhlíonadh;
- an bPríomhfheidhmeannach agus as an bhainistíocht sinsearach a choinneáil cuntasach as feidhmíocht éifeachtach a gcuid freagrachtaí;
- ábhair a bhaineann le hiniúcháireacht, rialachas agus bainistíocht riosca;
- a chinntiú go bhfuil córais rialaithe inmheánacha atá éifeachtach i bhfeidhm agus á gcur i bhfeidhm;
- ullmhú agus as glacadh le plean straitéiseach; agus
- ullmhú na tuarascála bliantúla seo de chuid an Údaráis.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás ó thaobh a cuid dualgas a fheidhmiú agus as eolas den sórt a sholáthar maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna seo, de réir mar a éilíonn an tÚdarás ó am go ham.

Feidhmíonn an tÚdarás faoi fhoráil airgeadais a fhaigheann maoiniú faoi Vóta na Dála ar bhonn bliantúil, agus is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith sin.

Cód Iompair

Leagtar amach i gCód Iompair an Údaráis Póilíneachta caighdeán maidir le prionsabail agus cleachtais a rialaíonn iompar na gComhaltaí agus na foirne san Údarás Póilíneachta. Is é cuspóir an Chóid:

- Sraith prionsabal eitice comhaontaithe a bhunú do Chomhaltaí agus d'fhoireann an Údaráis;
- Forbairt nó glacadh le cleachtais mí-eiticiúil a sheachaint; agus
- Muinín agus iontaobhas sna Comhaltaí a chur chun cinn agus a choinneáil.

Trí príomhphrionsabail a leagan amach nach mór do na comhaltaí agus don fhoireann cloí leo, eadhon:

- Feidhmiú ar mhaithe le leas an Phobail;
- Ionracas agus Neamhspleáchas;
- Trédhearcacht;
- Rúndacht;
- Rannpháirtíocht; agus
- Cothroime.

Tacaíonn an Cód le tiomantas an Údaráis feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde iompair gnó agus ullmhaíodh an cód chun cuidiú le Comhaltaí agus le foireann an Údaráis a gcuid dualgas, cearta agus oibleagáidí a thuiscint.

Coimhlintí Leasa

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcloíonn comhaltaí agus foireann an Údaráis le forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus le forálacha an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, sa chás gur infheidhme. Chomh maith leis sin, de réir Chód Iompair an Údaráis Póilíneachta do Chomhaltaí agus don Fhoireann, cláraíonn comhaltaí an Údaráis a gcuid leasa i ngnóthais eile leis an Rúnaí nuair a cheaptar iad.

Buan-Orduithe

Leagtar amach i mBuan-Orduithe an Údaráis na nósanna imeachta lena ndéanann an tÚdarás a ghnó a stiúradh agus tá siad le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Scéim Tarmलगin

Tá scéim tarmलगin comhaontaithe ag an Údarás don Údarás. Leagtar amach ann:

- Údarás tarmलगithe don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach le caiteachas a cheadú faoi na tairseacha comhaontaithe;
- Nithe a bhaineann le rialachas atá forchoimeáda don Údarás; agus
- Feidhmeanna reachtúla an Údaráis agus a mhéid atá siad seo tarmलगithe do Choiste de chuid an Údaráis, an Príomhfheidhmeannach nó atá forchoimeáda don Údarás.

Measúnú Feidhmíochta

Tugadh faoi mheasúnú feidhmíochta ar an Údarás don bhliain 2016 agus ar a chuid Coistí i mí an Mhárta 2017. Rinneadh an measúnú seo a stiúradh trí bhealach féinmheasúnaithe a bhí bunaithe ar an tsamhail cheistiúcháin fhéinmheasúnaithe atá leagtha amach i gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, cuireadh líon ceisteanna breise leis chun imthosca uathúla an Údaráis a léiriú. Reáchtáladh ceardlann éascaithe chun na téamaí a d'éascair ón bpróiseas féinmheasúnaithe a phlé agus chun réimsí ar theastaigh feabhas a chur orthu a aithint.

Maoirseacht na Máthar Roinne

Tá Creat Rialachais ann - Comhaontú Caidrimh agus Tacaíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ina ndéantar cur síos ar phríomhróil, ar fhreagrachtaí agus ar thacaíocht atá mar bhonn taca leis an gcaidreamh idir an tÚdarás agus an Roinn ar láimh amháin, an tAire agus an tOireachtas ar an láimh eile.

Éilíonn líon feidhmeanna de chuid an Údaráis Póilíneachta atá leagtha amach san Acht ar an Údarás dul i gcomhairle leis an Aire nó leis an Rialtas maidir le hábhair éagsúla nó comhairle a chur ar an Aire nó ar Rialtas maidir le hábhair éagsúla nó eolas a roinnt leo.

Bíonn cruinnithe idirchaidrimh ar siúl idir bainistíocht shinsearach na Roinne agus an tÚdarás ar bhonn ráithe ar a laghad le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar mhíreanna comhleasa a bhreithniú maidir le téarmaí tagartha an Údaráis. Mar chuid de na socruithe nua maidir le cuntasacht agus maoirseacht póilíneachta, beidh cruinniú amháin ar a laghad ann den Roinn, den Gharda

Síochána agus den Údarás gach aon bhliain, le súil le hábhair a eascraíonn maidir le seirbhísí póilíneachta agus le freagrachtaí éagsúla gach aon eagraíochta a phlé agus a bhreithniú.

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta, atá comhdhéanta de bheirt chomhaltaí ó lasmuigh den Údarás, mar aon le comhalta amháin Údaráis, i mí Iúil 2016. Cuireann an Coiste comhairle neamhspleách ar an Údarás agus ar an Oifigeach Cuntasaíochta, lena n-áirítear ó thaobh oiriúnacht agus teacht aniar rialú inmheánach, iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus córais agus nósanna imeachta na heagraíochta.

Bainistíocht Riosca

D'aithin an tÚdarás agus thug faoi mheasúnú ardleibhéil ar a phríomhrioscaí mar chuid dá phleanáil straitéiseach sa bhliain 2016. Tugtar aghaidh ar riosca agus ar bhearta le riosca a mhaolú i gcomhthéacs cinntí suntasacha go léir an Údaráis. Tá socruithe á gcur i bhfeidhm chun clár foirmiúil riosca agus córas bainistíochta riosca a bhunú ar mhaithe lena chinntiú go n-aithnítear agus go ndéantar measúnú ar riosca agus go dtugtar faoi na gníomhartha maolaithe cuí a chur i bhfeidhm, de réir mar a cheadóidh acmhainní.

Iniúchóireacht Inmheánach

Cuireadh socruithe i bhfeidhm i ndeireadh na bliana 2016 chun soláthar na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí a sheachfhoinsiú agus cuireadh an fheidhm i bhfeidhm i mí Eanáir 2017 faoin Chairt Iniúchóireachta Inmheánaí.

Soláthar

De réir an Chóid Caiteachais Phoiblí atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a thugtar faoi gach gníomhaíocht soláthair. Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun earraí agus seirbhísí a sholáthar. Lorgáítear cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don chaiteachas go léir atá os cionn na tairsí comhaontaithe. Ní raibh aon phlean soláthair chorpáridigh i bhfeidhm i dtús na bliana 2016 mar gheall nach raibh an tÚdarás ach bunaithe agus go raibh neamhchinnteacht ann ó thaobh riachtanais soláthair.

Tuairisciú Airgeadais

Bhí na nósanna imeachta cuí go léir do thuairisciú airgeadais i bhfeidhm laistigh den Údarás sa 2016, lena n-áirítear:

- Buiséad bliantúil a ndéanann an tÚdarás monatóireacht ar chaiteachas ina choinne, trí thagairt do bhaint amach dualgas reachtúil an Údaráis ar feadh na bliana;
- Forléargas airgeadais a chuireann an Príomhfheidhmeannach ar fáil do Chomhaltaí an Údaráis ar bhonn míosúil;

- Cuirtear tuairiscí foirmiúla ar chaiteachas iarbhír i gcoinne buiséad faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil agus tuairiscítear don Údarás iad gach aon mhí;
- Déantar ionadaíocht ar an Údarás ag cruinnithe Coiste Bainistíochta Airgeadais Vóta na hEarnála Dlí agus Cirt le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas an Ghrúpa Vótaí agus le plé a dhéanamh ar aon saincheisteanna airgeadais coitianta agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhíreanna suntasacha caiteachais nua;
- Ullmhaítear agus cuirtear faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an Cuntas Leithreasa Bliantúil lena iniúchadh; agus
- Cuirtear tuairiscí ábhartha agus tráthúla ina bhfuil eolas Airgeadais agus eolas neamhAirgeadais ar fáil don Bhainistíocht Shinsearach.

Comhlíonadh Reachtaíochta

Bunaíodh an tÚdarás faoi Acht an Gharda Síochána 2005 agus oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta. Glacann sé na céimeanna seo a leanas freisin ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh na bhforálacha reachtúla seo a leanas, sa chás gur infheidhme.

Cosaint Sonraí

Tá an tÚdarás cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéir Cosanta Sonraí de réir mar a cheanglaítear le dlí. Tá beartas Cosanta Sonraí an Údaráis comhdhéanta de shraith treoirlínte don fhoireann atá bunaithe ar ocht (8) Rial Cosanta Sonraí lena chinntiú go bhfuil na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 á gcomhlíonadh.

Saoráil Faisnéise

Chuir an tÚdarás eolas cuimsitheach ar fáil ar a láithreán gréasáin laistigh de shé mhí tar éis a bhunaithe mar chomhlacht Saoráil Faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, maidir le reachtaíocht Saoráil Faisnéise a bheith á chomhlíonadh aige. Áiríodh ansin scéim foilseacháin a ullmhú a chuireann eolas ar fáil maidir le feidhmeanna an Údaráis agus maidir leis an ábhar a chuirtear ar fáil go poiblí. Rinne an tÚdarás cinneadh go luath tar éis a bhunaithe ó thaobh trédhearcacht iomlán maidir lena chuid oibre agus foilsíonn an tÚdarás clár cruinnithe roimh a chuid cruinnithe agus tá miontuairiscí dá chuid cruinnithe go léir agus miontuairiscí cruinnithe coiste foilsithe ar an láithreán gréasáin. Déantar sruthú beo ar na cruinnithe poiblí le Coimisinéir na nGardaí agus tá siad le fáil ar an láithreán gréasáin. I gcomhthéacs trédhearcacht den sórt sin ní bhfuair an tÚdarás ach aon iarratas um Shaoráil Faisnéise amháin le linn na bliana 2016.

An tAcht um Nochtadh faoi Chosaint 2014

Tá an tÚdarás Póilíneachta tiomanta timpeallacht a chothú a mbíonn an uile dhuine a oibríonn san Údarás ábalta “labhairt amach”. Tá ar chumas oibrithe, trí labhairt amach, feabhas a chur ar an eagraíocht agus cuidiú lena chinntiú go bhfuil cothabháil a dhéanamh ar ardchaighdeán. Tá an

tÚdarás tiomanta a chinntiú go bhfaigheann aon údar imní atá ag comhaltaí foirne éisteacht chúramach ionas gur féidir beart pras a ghlacadh le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna.

Cuireann sé seo cosaint dhleathach áirithe ar fáil d'oibrithe nuair a ardaíonn siad údar imní maidir le héagóir a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú san áit oibre. Leagtar amach cad is nochtadh cosanta ann agus na cosaintí dleathacha atá i bhfeidhm le cosaint a thabhairt d'oibrithe a dhéanann nochtadh cosanta. De réir an Achta, rinne an tÚdarás forbairt ar Bheartas Nochtadh Cosanta ina leagtar amach na nósanna imeachta atá i bhfeidhm le héagóir a thuairisciú de réir cheanglais an Achta um Nochtadh faoi Chosaint 2014. Leagtar amach sa bheartas na prionsabail atá mar bhonn taca le cultúr eiticiúil a fhorbairt agus a chothabháil san eagraíocht agus na mionsonraí oibríochta maidir le conas is féidir leis an fhoireann agus le comhaltaí an Údaráis nochtadh cosanta a dhéanamh.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le nochtadh cosanta a dhéanamh de réir Alt 21(1) den Acht um Nochtadh faoi Chosaint 2014. Tá an tuarascáil bhliantúil a éilítear faoin Alt 21(1) den Acht um Nochtadh faoi Chosaint 2014 foilsithe.

5. Eolas Airgeadais

Maoinítear an tÚdarás, chun tabhairt faoina shainordú, go díreach ón Stáitchiste i bhfoirm leithdháileadh bliantúil de Chaiteachas Vótáilte.

Is í an Príomhfheidhmeannach an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Údaráis agus sa cháil sin tá sí cuntasach don Oireachtas maidir leis an maoiniú go léir atá vótáilte don Údarás le seirbhísí a sholáthar.

Ní mór don Oifigeach Cuntasaíochta cuntas caiteachais agus fáltais, ar a dtugtar Cuntas Leithreasa, a ullmhú ar bhonn bliantúil agus an cuntas sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

Caiteachas 2016

Ba é caiteachas iarbhír ó Vóta an Údaráis Póilíneachta don bhliain 2016 ná €1,075,000. Den ghlansuim iomlán a caitheadh, bhain €680,000 le costais foirne, arbh ionann é agus 63% den chaiteachas iomlán.

Tugtar Ráitis Airgeadais an Údaráis i bhfoirm an Chuntais Leithreasa Bhliantúil a chuireann an tOifigeach Cuntasaíochta faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus a fhoilseoidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i bhfoilseachán an Chuntais Leithreasa i Meán Fómhair 2017.

Cuireann an achoimre ar an tuarascáil airgeadais go 31 Nollaig 2016 in Aguisín 1 anailís ar fáil maidir le staid an Vóta agus leis an eolas gaolmhar do 2016.

Costais Cionroinnte

Chomh maith leis na costais a bhaineann go díreach leis an Údarás, ní mór costais a bhaineann le Ranna eile a bhreithniú freisin ar mhaithe le léargas foriomlán a chur i láthair maidir le costais oibríochta an Údaráis.

Bhain na costais cionroinnte seo a leanas le háit éigin eile thar cheann an Údaráis:

- €206,730 faoi Vóta 10 – Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le cíós d'oifigí an Údaráis
- €32,000 faoi Vóta 24 – An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais

Táillí, Tuarastail agus Costais

Bhí na táillí bliantúla atá iníoctha le Comhaltaí an Údaráis Póilíneachta don bhliain 2016 de réir an ráta a bhí ceadaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe níor íocadh aon táillí le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a bhí ar an Údarás.

Déantar treoirlínte pá an Rialtais maidir le pá do Phríomhfheidhmeannaigh agus d'fhostaithe Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh go hiomlán. Is fostaithe sa tseirbhís phoiblí iad fostaithe go léir an Údaráis agus faigheann siad luach saothair de réir scálaí tuarastail cuí na státseirbhíse i ndáil lena gcuid grád agus seirbhíse.

Ba €679,795 costas iomlán párolla an Údaráis in 2016. Tháinig ardú de thriúr ar líon foirne an Údaráis in Eanáir 2016 go chúig dhuine dhéag (15) amhail 31 Nollaig 2016.

Tháinig líon na bhfostaithe ar íocadh a sochair iomlán fostaí (lena n-áirítear ÁSPC Fostóra ach gan costais pinsin fostóra san áireamh) sa bhliain 2016, laistigh de gach aon cheann de na bannaí pá seo a leanas atá léirithe sa tábla seo a leanas:

Banna Pá	Líon na bhfostaithe
€60,000 - €70,000	-
€70,000 - €80,000	-
€80,000 - €90,000	2
€100,000 - €110,000	-
€120,000 - €130,000	-
€130,000 - €140,000	1

Ba €355,650 an cúiteamh comhiomlán d'fhoireann bainistíochta sinsearaí an Údaráis sa bhliain 2016, a bhí comhdhéanta de thuarastail. Chomh maith leis sin íocadh costais iomlán €850 maidir le taisteal don fhoireann bainistíochta sinsearaí chun dualgais oifigiúla a fheidhmiú.

Íoctar costais taistil le Comhaltaí agus le foireann an Údaráis de réir mar is cuí agus de réir Bheartas Taistil an Údaráis. Ba €1,435 an caiteachas iomlán sa bhliain 2016 maidir le fáilteachas.

Caiteachas comhairleoireachta

Bhí caiteachas iomlán € 15,669 ann sa bhliain 2016 maidir le táillí comhairliúcháin/comhairle sheachtrach, atá catagóirithe mar a leanas:

- Dlí €14,459
- Comhairleach € 1,210

Cáin

Chomhlíon an tÚdarás a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach sa bhliain 2016.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Is é beartas an Údaráis Póilíneachta téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a chomhlíonadh go hiomlán. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás lena chinntiú go n-íoctar gach sonrasc laistigh de theorainn ama reachtúil. Cé go bhfuil nósanna imeachta leagtha amach le comhlíonadh an Achta a chinntiú, ní sholáthraíonn siad ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta.

Bhain pionós maidir le híocaíocht dheireanach sonrasc amháin sa bhliain 2016. Tháinig luach na sonrasc go léir a íocadh deireanach go €1,500. Is €81.22 an t-ús iomlán a íocadh le linn na bliana 2016 mar thoradh ar íocaíochtaí deireanacha.


Aguisín 1 – Achoimre ar Thuarascáil Airgeadais 2016

Tá achoimre ar Airgeadas sa bhliain 2016 ar Vóta an Údaráis curtha i láthair sa tábla thíos.

Achoimre Airgeadais do Vóta an Údaráis Póilíneachta 2016		
Fo-cheannteideal	Soláthar Measta	Caiteachas 2016
	€000	€000
A.1. (i) Tuarastail, Pá agus Liúntas		
Tuarastal srl.	1,700	680
Ragobair	0	0
Iomlán A.1. (i)	1,700	680
A.2. (ii) Taisteal agus Cothabháil		
1. Taisteal agus Cothabháil	50	14
2. Íocaíocht fritháirimh Astuithe Aerthaistil	0	0
Iomlán A.2. (ii)	50	14
A.2. (iii) Oilíúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha		
1. Oilíúint agus Forbairt Foirne	60	14
2. Caidreamh Poiblí agus Fógraíocht	55	1
3. Cruinnithe Poiblí	40	28
4. Foilseacháin, Tuarascála, Tréimhseacháin, srl.	20	4
5. Siamsaíocht	10	11
6. Ilghnéitheach	285	20
7. Táillí agus Costais Comhaltaí	215	186
Total A.2. (iii)	685	264
A.2. (iv) Postal and Telecommunications Services		
Postal Services	10	1
Telecommunications	40	7
Iomlán A.2. (iv)	50	8
A.2. (v) Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha IT		
1. (i) Ríomhairí, srl. (Reatha)	105	85
(ii) Ríomhairí (Caipiteal)	0	0
2. Trealamh Oifige & Stáiseanáireacht	20	14
Iomlán A.2. (v)	125	98
A.2. (vi) Costais Áitreabh Oifige		
1. Cothabháil	19	9
2. Teas, Solas & Breosla	36	22
3. Troscán & Feistis	25	9
Iomlán A.2. (vi)	80	41
A.2. (vii) Seirbhísí Comhairleoireachta, Luach ar Airgead & Athbhreithniú Beartas	10	1
Caiteachas Iomlán	2,700	1,106
Lúide		
B. Leithreas-i-gCabhair		
1. Ilghnéitheach	0	0
2. Tobhach Pinsean	60	31
Iomlán A-in-A	60	31
Glancaiteachas	2,640	1,075

Aguisín 2– Struchtúr na hEagraíochta

An tÚdarás Póilíneachta



Aguisín 3 – Ráiteas an Chathaoirligh maidir le Rialú Inmheánach

Admhaím go bhfuil freagracht ar an Údarás maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach deimhniú dearfach agus ní deimhniú iomlán a sholáthar i gcoinne earráid ábhartha. Tugann an tÚdarás, le linn dó a bheith ag breithniú éifeachtúlacht na rialaithe inmheánacha, ar aird, i measc nithe eile, ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus rinneadh gach uile iarracht thar chúrsa a bhunaithe sa bhliain 2016, ceanglais an Chóid a leanúint a mhéid is atá sé cuí do ghníomhaireacht bheag neamhthráchtála.

Tá na nósanna imeachta curtha i bhfeidhm, atá leagtha amach le rialú éifeachtach inmheánach a sholáthar, sainoiriúnaithe le méid agus castacht na heagraíochta a léiriú agus le nádúr athraitheach an Údaráis a léiriú le linn na chéad bhliana den Údarás a bheith i mbun feidhme. Sa chomhthéacs seo, tugaim ar aird, gur bhain cion mór de chaiteachas an Údaráis sa bhliain 2016 le costais pá atá á riaradh ag an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla tríd an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus mar thoradh air sin tá siad faoi réir ag córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear iniúchóireacht inmheánach, atá i bhfeidhm sna heagraíochtaí seo.

Tá céimeanna tógtha ag an Údarás lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Deighilt shoiléir a dhéanamh go foirmiúil idir feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis agus an Fheidhmeannais;
- Ceanglais tuairiscithe rialta a leagan síos maidir le hábhair airgeadais, riosca agus rialachais;
- Coiste iniúchóireachta agus riosca a bhunú;
- Cód Iompair a bhunú agus a fhoilsiú do Chomhaltaí agus d'fhoireann an Údaráis
- Cinntiú go bhfuil na scileanna cuí agus an taithí ag an fhoireann; agus
- Iarracht a dhéanamh cultúr agus luachanna atá láidir a bhunú a spreagann ardchaighdeán ó thaobh iompar eiticiúil ar fud na heagraíochta.

D'aithin an tÚdarás agus thug faoi mheasúnú ardleibhéil maidir leis na príomhrioscaí mar chuid dá phleanáil straitéiseach sa bhliain 2016. Tugtar aghaidh ar riosca i gcomhthéacs cinntí sonracha go léir an Údaráis. Ní raibh córas foirmiúil bainistíochta riosca, lena n-áirítear, clár riosca i bhfeidhm sa bhliain 2016, tá socruithe á ndéanamh, áfach, le córas foirmiúil bainistíochta riosca a bhunú sa bhliain 2017;

Áirítear ar na nósanna imeachta le monatóireacht a dhéanamh ar rialaithe inmheánacha:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn na bliana 2016 agus bhí dhá chruinniú acu. Sa bhreis air sin, reáchtáil an Coiste ceardlanna ar fhorbairt córas bainistíochta riosca agus d'fhreastail comhaltaí eile an Údaráis agus na bainistíochta sinsearaí air. Táim sásta go ndearna an Coiste a ról go cuí sa bhliain tionscnaimh.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an tÚdarás athbhreithniú ar an Ráiteas seo lena chinntiú go dtugann sé léiriú cruinn ar an gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

- Rialaithe Airgeadais agus Bainistíochta

Tá rialaithe airgeadais cuí i bhfeidhm agus taifeadadh déanta orthu, lena n-áirítear nósanna imeachta airgeadais atá taifeadta, deighilt dualgas, maoirseacht chuí, teorainneacha údaraithe agus ceadaithe, próisis chuntasaíochta, smacht ar shócmhainní fisiciúla agus athbhreithniú bainistíochta.

Tá córais bhuiséid agus monatóireachta cuí i bhfeidhm bunaithe ar thaifid airgeadais a ndéanann Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais cothabháil orthu faoi Chomhaontú Seirbhísí Comhroinnte. Tá dearbhú faighte ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne maidir le leordhóthanacht na gcóras seo agus na rialaithe inmheánacha gaolmhara.


Tá an tÚdarás ag comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha ábhartha mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Tá an tÚdarás ag forbairt tuilleadh córas oibríochta do bhainistíocht faisnéise ag teacht le ceanglais agus le gníomhaíochtaí gnó.

- Iniúcháireacht inmheánach.

Ní raibh feidhm iniúcháireachta inmheánaí i bhfeidhm don Údarás le linn na bliana 2016 mar gheall ar an leibhéal íseal caiteachais agus acmhainní foirne le linn chéim bhunaithe na heagraíochta. Tugadh faoi phróiseas soláthair i ndeireadh na bliana 2016 le seachfhoinsiú a dhéanamh ar an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí agus socraíodh conradh le Crowleys DFK i mí Eanáir na bliana 2017. Ó shin, tá Cairt Iniúcháireachta Inmheánaí curtha i bhfeidhm, tugadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht agus ar rialú chun críche i mí an Mhárta 2017 agus tá tuilleadh rannpháirtíochta faoi bhealach le clár oibre iniúcháireachta inmheánaí trí bliana (3) a chur i bhfeidhm.

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear an Ráiteas seo maidir le Rialú Inmheánach, mar chuid dá n-iniúcháireacht ar an gCuntas Leithreasa lena dhearbhu go léiríonn sé go bhfuil an tÚdarás ag comhlíonadh cheanglais Alt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus go bhfuil sé i gcomhréir leis an eolas atá acu óna gcuid oibre iniúcháireachta.



Josephine Feehily

Cathaoirleach

31 Márta 2017.

Aguisín 4 – Úsáid Fuinnimh 2016

Bainistíocht ar Úsáid Fuinnimh

Tá an tÚdarás Póilíneachta suite ar urlár amháin d'fhoirgneamh cúig stóir i 90 Sráid an Rí Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7. Tháinig méadú ar líon na bhfostaithe de réir a chéile le linn na bliana 2016 agus bhí cúig chomhalta dhéag (15) foirne ag obair ann ag deireadh na bliana 2016.

Tá úsáid fuinnimh an Údaráis san áireamh sa tuarascáil bhliantúil a chuir an Roinn Dí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Gníomhartha ar tugadh fúthu sa bhliain 2016

Lean an tÚdarás Póilíneachta lena chuid iarrachtaí úsáid fuinnimh a laghdú trína chinntiú go gcastar as an trealamh agus na soilse leictreacha go léir ag deireadh an lae oibre.

Ghlac an tÚdarás Póilíneacht páirt i bhfeachtas “Uaschéimniú” leis an fhoireann a spreagadh leis an staighre a úsáid in ionad an ardaitheora.

Ag Dul i dTeagmháil leis an Údarás Póilíneachta

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Póilíneachta:

Tríd an bPost: An tÚdarás Póilíneachta

An 4ú hUrlár

90 Sráid an Rí Thuaidh

Baile Átha Cliath 7

D07 N7CV

Ar an teileafón: +353 1 858 9090

Tríd an ríomhphost: info@policingauthority.ie

Ar an láithreán gréasáin: www.policingauthority.ie

